C/2025/4990

12.9.2025

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Treoirlínte ón gCoimisiún agus an teimpléad tuairiscithe arna fhorbairt de bhun Airteagail 5(5), 6(6) agus 7(3) de Threoir (AE) 2022/2557 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil

(C/2025/4990)

I. RÉAMHRÁ

1. Is é is aidhm do Threoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil ('an Treoir'), a áirithiú go soláthrófar seirbhísí atá fíor-riachtanach chun feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha a choinneáil ar bun ar bhealach gan bhac sa mhargadh inmheánach. Leis an Treoir, feabhsaítear athléimneacht na n-eintiteas criticiúil a sholáthraíonn seirbhísí den sórt sin agus cruthaítear creat uileghabhálach athléimneachta eintiteas criticiúil i ndáil le gach guais (guaiseacha nádúrtha agus de dhéantús an duine, taismeacha nó guaiseacha a rinneadh d'aon ghnó).

2. Chun ardleibhéal athléimneachta a bhaint amach, tá oibleagáidí ar na Ballstáit faoin Treoir. Tugadh sainordú don Choimisiún moltaí, treoirlínte neamhcheangailteacha agus teimpléad tuairiscithe coiteann deonach a fhorbairt chun tacú leo maidir le roinnt de na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Go sonrach, tugtar éifeacht leis an Teachtaireacht seo d'Airteagal 5(5) den Treoir maidir le teimpléad a fhorbairt chun faisnéis áirithe a sholáthar don Choimisiún, d'Airteagal 6(6) den Treoir maidir le moltaí agus treoirlínte a fhorbairt chun tacú leis na Ballstáit eintitis chriticiúla a shainaithint, agus d'Airteagal 7(3) den Treoir maidir le treoirlínte a ghlacadh chun cur i bhfeidhm na gcritéar a éascú chun tábhacht éifeacht shuaiteach a chinneadh, agus an fhaisnéis nach mór do na Ballstáit a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Treoir á cur san áireamh.

3. Sular glacadh an Teachtaireacht sin, i gcomhréir leis na forálacha thuasluaite, chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit i gceardlann a bhí ar siúl an 3-4 Deireadh Fómhair 2024 agus chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil an 12 Feabhra 2025. Rinneadh comhairliúcháin dhéthaobhacha bhreise le toscairí an Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil i scríbhinn i mí an Mhárta 2025 agus comhroinneadh leagan a tugadh cothrom le dáta leis an nGrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil an 7 Aibreán 2025.

4. Níl an Teachtaireacht seo ceangailteach ó thaobh dlí de agus ní dhéanann sí difear do léirmhíniú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar dhlí an Aontais.

II. TEIMPLÉAD TUAIRISCITHE COITEANN DEONACH

5. Leagtar amach san Iarscríbhinn an teimpléad tuairiscithe coiteann deonach do na Ballstáit chun faisnéis áirithe a bhaineann leis an measúnú riosca dá bhforáiltear in Airteagal 5(5) den Treoir a sholáthar don Choimisiún.


6. Cé gur de chineáltheimpléad deonach é an teimpléad tuairiscithe seo, moltar do na Ballstáit é a úsáid agus faisnéis á soláthar acu de bhun Airteagal 5(4) den Treoir.

([1]) Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2557/oj).

III. TREOIRLÍNTE NEAMHCHEANGAILTEACHA CHUN TACÚ LE hEINTITIS CHRITICIÚLA A SHAINAITHINT

Fíor 1

An próiseas chun eintitis chriticiúla a shainaithint ([2])



7. I ndáil leis an tacaíocht chun eintitis chriticiúla a shainaithint, i bhfianaise aithrisí 3 ([3]) agus 16 ([4]) den Treoir, is é is aidhm do na treoirlínte neamhcheangailteacha sin, go háirithe, tacú le cur i bhfeidhm comhsheasmhach, ar leibhéal an Aontais, na gcritéar chun eintitis chriticiúla a shainaithint.

8. I gcomhréir le hAirteagal 6(2) den Treoir, *'nuair a shainaithníonn Ballstát eintitis chriticiúla, de réir na Treorach, cuirfidh sé torthaí mheasúnú riosca an Bhallstáit agus a straitéis san áireamh agus cuirfidh sé na critéir uile seo a leanas i bhfeidhm:*

   (a) soláthraíonn an t-eintiteas seirbhís fhíor-riachtanach amháin nó níos mó;

   (b) oibríonn an t-eintiteas ar chríoch an Bhallstáit sin agus tá a bhonneagar criticiúil suite ann; agus

   (c) bheadh éifeachtaí suaiteacha suntasacha ag teagmhas, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Treoir, maidir le soláthar ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí fíor-riachtanacha ag an eintiteas nó maidir le soláthar ag an eintiteas seirbhísí fíor-riachtanacha sna hearnálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a bhíonn ag brath air sin nó ar na seirbhísí fíor-riachtanacha sin.'

9. Tuigtear ón méid thuas gur cheart do na Ballstáit trí phríomhghné a mheas agus eintitis chriticiúla á sainaithint acu: torthaí an mheasúnaithe riosca, toradh na straitéise náisiúnta, agus cur i bhfeidhm carnach na gcritéar a luaitear i bpointe 8 thuas.

([2]) Níl aon ord sainordaitheach ann maidir leis na céimeanna sainaitheantais.

([3]) *'Is de phríomhthréith an mhargaidh inmheánaigh an ilroinnt i ndáil le heintitis chriticiúla a shainaithint, toisc nach n-aithnítear earnálacha agus catagóirí eintiteas ábhartha go comhsheasmhach mar earnálacha agus cineálacha eintiteas criticiúil i ngach Ballstát. Dá bhrí sin, ba cheart don Treoir seo ardleibhéal comhchuibhithe a bhaint amach i dtéarmaí na n-earnálacha agus na gcatagóirí eintiteas a thagann faoina raon feidhme.'*

([4]) 'Chun a áirithiú go mbeidh na heintitis ábhartha uile faoi réir cheanglais athléimneachta na Treorach seo agus chun éagsúlachtaí ina leith sin a laghdú, tá sé tábhachtach rialacha comhchuibhithe a leagan síos lenar féidir eintitis chriticiúla a shainaithint go comhsheasmhach ar fud an Aontais, ach lena ligtear do na Ballstáit ról agus tábhacht na n-eintiteas sin ar an leibhéal náisiúnta a léiriú go leordhóthanach freisin.'

III.1. **Toradh an mheasúnaithe riosca**

10. Mínítear in aithris 15 den Treoir gur '*cheart cur chuige rioscabhunaithe a leanúint i ndáil le gníomhaíochtaí na mBallstát chun eintitis chriticiúla a shainaithint agus chun an athléimneacht atá acu áirithiú, cur chuige lena ndírítear ar na heintitis is ábhartha maidir le feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha a fheidhmiú*.'

11. Moltar do na Ballstáit toradh an mheasúnaithe riosca a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5 den Treoir a oibríochtú chun eintitis chriticiúla a shainaithint i dtéarmaí an mhéid seo a leanas:

a) méid an chaillteanais nó an tsuaite (ardtionchar i gcomparáid le tionchar íseal) a bhaineann le seirbhís fhíor-riachtanach a bheith á soláthar ag eintiteas ar leith; agus

b) an dóchúlacht go gcaillfear sheirbhís fhíor-riachtanach a bheith á soláthar ag eintiteas ar leith nó go suaithfear í (ard-dóchúlacht i gcomparáid le dóchúlacht íseal).

12. Ba cheart béim ar leith a leagan ar rioscaí ar rioscaí trasearnála nó trasteorann iad sa phróiseas chun eintitis chriticiúla a shainaithint, i bhfianaise a n-acmhainneachta i leith éifeachtaí cascáideacha níos leithne a bheith acu ar sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha ag eintitis eile sna hearnálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir.

III.2. **An straitéis chun athléimneacht eintiteas criticiúil a fheabhsú**

13. Mínítear in Aithris 13 den Treoir, '*d'fhonn cur chuige cuimsitheach i leith athléimneacht eintiteas criticiúil a áirithiú, gur cheart straitéis a bheith i bhfeidhm ag gach Ballstát chun athléimneacht eintiteas criticiúil a fheabhsú*'. Soiléirítear san aithris chéanna cad ba cheart a chumhdach leis an straitéis, is é sin '*na cuspóirí straitéiseacha agus na bearta beartais atá le cur chun feidhme. Ar mhaithe le comhleanúnachas agus éifeachtúlacht, ba cheart an straitéis a cheapadh chun beartais atá ann cheana a chomhtháthú gan uaim, agus chun tógáil, nuair is féidir, ar straitéisí náisiúnta agus earnálacha, pleananna nó doiciméid chomhchosúla ábhartha atá ann cheana*.' Tá an straitéis le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 den Treoir.

14. Chun cur chuige cuimsitheach a bhaint amach maidir le heintitis chriticiúla a shainaithint, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar foráil lena straitéisí maidir le creat beartais le haghaidh comhordú feabhsaithe idir na húdaráis inniúla faoin Treoir seo agus na húdaráis inniúla Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) i gcomhthéacs comhroinnt faisnéise maidir le rioscaí cibearshlándála, cibearbhagairtí agus cibirtheagmhais, agus le rioscaí, bagairtí agus teagmhais nach mbaineann leis an gcibirshlándáil, agus i gcomhthéacs cúraimí maoirseachta a fheidhmiú ([6]). Ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar shainaithint eintiteas criticiúil in earnálacha atá neamhchosanta ar bhagairtí hibrideacha go háirithe, ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar hibrideacht na mbagairtí ar eintitis chriticiúla agus a straitéisí á gcur i bhfeidhm acu agus nuair a bheidh siad ag tógáil orthu sin chun eintitis chriticiúla a shainaithint. Moltar do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chaighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta atá ábhartha do na bearta slándála agus athléimneachta is infheidhme maidir le heintitis chriticiúla a d'fhéadfadh bonn eolais a chur faoi straitéisí na mBallstát agus a bpróisis ainmnithe agus a gcinntí ainmniúcháin ina dhiaidh sin.

15. De bhun Airteagal 4(2) den Treoir, ní mór gnéithe áirithe a bheith sa straitéis, amhail cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha chun athléimneacht fhoriomlán eintiteas criticiúil a fheabhsú agus tuairisc ar an bpróiseas trína sainaithnítear eintitis chriticiúla. D'fhéadfadh na cuspóirí agus na tosaíochtaí straitéiseacha bonn eolais úsáideach a chur faoin bpróiseas chun eintitis chriticiúla a shainaithint. Mar shampla, mar chuid den socrú tosaíochtaí sa straitéis, d'fhéadfaí tairseacha a shocrú le haghaidh rioscaí inghlactha, inghlactha agus do-ghlactha. Ar an gcaoi sin d'fhéadafaí tacú leis an bpróiseas lena sainaithnítear eintitis chriticiúla a shainaithint ag údaráis inniúla agus bonn eolais a chur faoi chinneadh thábhacht na n-éifeachtaí suaiteacha.

([5]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj).

([6]) Ba cheart na straitéisí a chomhordú agus iad a bheith comhsheasmhach le Straitéisí agus Pleananna Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide faoi Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj).

III.3. **Na critéir chun eintitis chriticiúla a shainaithint**

16. Leanann sé ó Airteagal 6(2) den Treoir nach mór na trí chritéar a leagtar amach san fhoráil sin a chur i bhfeidhm go carnach, i.e. ní féidir ach eintiteas a chomhlíonann na trí chritéar uile a shainaithint mar eintiteas criticiúil faoin Treoir.

17. Dá bhrí sin, agus neamhchur i bhfeidhm na Treorach dá bhforáiltear in Airteagal 1(6), chomh maith le hAirteagail 5(1) agus 7(1) den Treoir sin á gcur san áireamh freisin, ba cheart na cúig chéim seo a leanas a mheas agus eintitis chriticiúla á sainaithint (féach Fíor 1):

(a) An mbaineann an t-eintiteas le ceann de na hearnálacha nó de na fo-earnálacha agus na catagóirí eintiteas a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir?

(b) An soláthraíonn an t-eintiteas seirbhís fhíor-riachtanach amháin nó níos mó?

(c) An oibríonn an t-eintiteas ar chríoch an Bhallstáit sin agus an bhfuil a bhonneagar criticiúil suite ann?

(d) An mbeadh éifeachtaí suaiteacha ([7]) nach beag ag teagmhas maidir le soláthar ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí fíor-riachtanacha a dhéanann an t-eintiteas nó maidir le soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha eile sna hearnálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn atá ag brath air sin nó ar na seirbhísí fíor-riachtanacha sin?

(e) An eisiatar an t-eintiteas ó raon feidhme na Treorach ([8])?

18. Is féidir leis na Ballstáit an t-ord ina dtugann siad aghaidh ar na céimeanna sin a roghnú. Ní cheanglaítear leis an Treoir go gcloífear le hordú ar leith.

19. I gcás inarb amhlaidh, tar éis dó na céimeanna sin a leanúint, a chomhlíonfaidh eintiteas na trí chritéar go carnach, de bhun Airteagal 6(1) den Treoir, ní mór don Bhallstát é a shainaithint mar eintiteas criticiúil. Soiléirítear in aithris 16 den Treoir '*i gcás nach bhfuil aon eintiteas a chomhlíonann na critéir sin i mBallstát, níor cheart go mbeadh aon oibleagáid ar an mBallstát sin eintiteas criticiúil a shainaithint san earnáil nó san fho-earnáil chomhfhreagrach*'.

(a) *An mbaineann an t-eintiteas le ceann de na hearnálacha nó de na fo-earnálacha agus na catagóirí eintiteas a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir?*

20. Liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir ina tríú colún na catagóirí eintiteas a chomhfhreagraíonn do liosta na n-earnálacha agus na bhfo-earnálacha a chumhdaítear leis an Treoir. Tagraíonn beagnach gach catagóir do reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais lena sainítear an chatagóir eintitis sin. Ba cheart reachtaíocht den sórt sin a mheas go cúramach sa phróiseas sainaitheantais, chun tuiscint a fháil ar an gcatagóir eintitis a chumhdaítear san earnáil nó san fho-earnáil áirithe sin.

21. Ba cheart saintréithe in earnálacha áirithe a chur san áireamh sa phróiseas sainaitheantais. A mhéid a bhaineann leis an earnáil fuinnimh, soiléirítear in aithris 5 den Treoir gur '*i dtéarmaí, go háirithe, na modhanna giniúna agus tarchuir leictreachais (i ndáil le soláthar leictreachais), tuigtear, i gcás ina meastar gurb iomchuí sin, go bhféadfar codanna tarchurtha leictreachais de stáisiúin chumhachta núicléiche a áireamh i nginiúint leictreachais, ach na gnéithe, ar gnéithe núicléacha go sonrach iad a chumhdaítear le conarthaí agus le dlí an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht núicléach ábhartha, a eisiamh*.'

22. A mhéid a bhaineann leis an earnáil bia, soiléirítear san aithris 5 chéanna den Treoir, '*chun cur chuige comhréireach a áirithiú agus chun ról agus tábhacht na n-eintiteas sin ar an leibhéal náisiúnta a léiriú go leordhóthanach, níor cheart eintitis chriticiúla a shainaithint ach amháin i measc gnólachtaí bia, bíodh sin ar mhaithe le brabús a dhéanamh nó ná bíodh agus cibé acu poiblí nó príobháideach, atá ag gabháil go heisiach do lóistíocht agus dáileachán mórdhíola agus do tháirgeadh agus próiseáil thionsclaíoch ar mhórscála a bhfuil sciar suntasach den mhargadh acu mar a fheictear ar an leibhéal náisiúnta*.'

23. Agus eintitis chriticiúla á sainaithint ag na Ballstáit, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar an tábhacht ar leith a bhaineann le hearnálacha áirithe amhail earnáil an iompair, a mhéid a bhaineann leis an ról lárnach atá ag calafoirt farraige nó calafoirt uiscebhealaí intíre, bóithre, aerfoirt agus iarnróid, go háirithe nuair a bheidh dé-úsáid i gceist leo chun críoch soghluaisteachta míleata agus sibhialta, bonneagar uisce, fuinnimh agus digiteach i ndáil le seirbhísí fíor-riachtanacha a sholáthar in earnálacha eile, a ról straitéiseach maidir le hathléimneacht an tslabhra soláthair a áirithiú, agus maidir leis an ngáinneáil agus an choireacht eagraithe a chomhrac.

([7]) Mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Treoir.

([8]) Airteagal 1(6) den Treoir, lena bhforáiltear nach bhfuil feidhm ag an Treoir maidir le heintitis riaracháin phoiblí a dhéanann a ngníomhaíochtaí i réimsí na slándála náisiúnta, na slándála poiblí, na cosanta nó fhorfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear cionta coiriúla a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

24. A mhéid a bhaineann le heintitis in earnálacha na baincéireachta, an bhonneagair margaidh airgeadais agus an bhonneagair dhigitigh, de bhun Airteagal 8 den Treoir agus na mínithe in aithrisí 20 agus 21 di, ní mór do na Ballstáit eintitis chriticiúla ar leis na hearnálacha sin iad a shainaithint, bunaithe ar na critéir chéanna agus úsáid á baint as an nós imeachta céanna dá bhforáiltear sa Treoir. Ba cheart do na húdaráis inniúla ábhartha a chéile a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle le chéile de réir mar is iomchuí maidir le sainaithint na n-eintiteas sna trí earnáil sin, i gcomhréir lena n-oibleagáid ghinearálta comhoibriú go héifeachtach chun a gcúraimí faoin Treoir a leagtar síos ina hAirteagal 9(1) a chomhlíonadh.

25. Ba cheart do na Ballstáit, agus eintitis chriticiúla á sainaithint acu i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir, breithniú cuí a dhéanamh ar eintitis a sholáthraíonn seirbhísí fíor-riachtanacha le haghaidh cumarsáid leictreonach fomhuirí agus tarchur leictreachais ([9]).

(b) *An soláthraíonn an t-eintiteas seirbhís fhíor-riachtanach amháin nó níos mó?*

26. Cé gurb é príomhchuspóir Rialachán Tarmligthe 2023/2450 ón gCoimisiún ([10]) ('an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún') liosta seirbhísí fíor-riachtanacha a bhunú sna hearnálacha agus sna fo-earnálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir, atá le húsáid ag na húdaráis inniúla chun measúnuithe riosca a dhéanamh, ba cheart an liosta céanna a úsáid ina dhiaidh sin sa phróiseas sainaitheantais chun a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-eintiteas an chéad chritéar, is é sin, cé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn an t-eintiteas seirbhís fhíor-riachtanach amháin nó níos mó.

27. Léirítear in Aithris 4 den Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún '*gur cheart liosta na seirbhísí fíor-riachtanacha a úsáid i bhfianaise fhorálacha ábhartha uile na Treorach*'. Áirítear leis sin an sainmhíniú ar sheirbhísí fíor-riachtanacha mar sheirbhísí atá ríthábhachtach chun feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha, gníomhaíochtaí eacnamaíocha, sláinte agus sábháilteacht phoiblí, nó an comhshaol a choinneáil ar bun, chomh maith leis an sainmhíniú ar eintiteas riaracháin phoiblí ([11]) agus na forálacha maidir le raon feidhme na Treorach ([12]), atá ábhartha, *inter alia*, agus an chéad chritéar thuasluaite á chur i bhfeidhm.

28. Mar sin féin, luaitear go soiléir in Airteagal 5(1) den Treoir go bhfuil an liosta atá sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún neamh-uileghabhálach. Dá bhrí sin, is féidir seirbhísí fíor-riachtanacha eile a bheith ann a chumhdaítear leis an Treoir ach nach liostaítear inti. Dá bhrí sin, cé gur pointe tagartha tábhachtach iad, ní hionann sin agus a rá gurb iad na seirbhísí fíor-riachtanacha sin a liostaítear na seirbhísí fíor-riachtanacha amháin atá le cur san áireamh nuair a chuireann na Ballstáit Airteagal 6(2)(a) den Treoir i bhfeidhm. Tagraítear san fhoráil sin do 'seirbhísí fíor-riachtanacha', mar a shainmhínítear in Airteagal 2(5) den Treoir, go ginearálta, gan gá a bheith teoranta do na seirbhísí fíor-riachtanacha a liostaítear sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún, agus iad sin amháin.

(c) *An oibríonn an t-eintiteas ar chríoch an Bhallstáit sin agus an bhfuil a bhonneagar criticiúil suite ann?*

29. Faoin gcéim sin, ba cheart do na Ballstáit a sheiceáil an bhfuil eintitis ag oibriú dáiríre, sa chiall go ndéanann siad a ngníomhaíochtaí, ar a gcríoch agus an bhfuil bonneagar criticiúil suite ann, sa chiall go bhfuil siad suite go fisiceach ann. Mínítear an dá ghné sin (oibriú a dhéanann an t-eintiteas criticiúil agus suíomh an bhonneagair chriticiúil) in aithris 16 den Treoir, lena léirítear gur cheart a mheas go bhfuil eintiteas ag oibriú ar chríoch Ballstáit má dhéanann an t-eintiteas sin a ghníomhaíochtaí is gá don tseirbhís fhíor-riachtanach nó do na seirbhísí fíor-riachtanacha atá i gceist sa Bhallstát sin agus má tá bonneagar criticiúil an eintitis sin, a úsáidtear chun an tseirbhís nó na seirbhísí sin a sholáthar, lonnaithe go fisiceach sa Bhallstát sin.

([9]) Féach freisin an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Plean Gníomhaíochta an Aontais um shlándáil cáblaí (JOIN (2025) 9 final).

([10]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2450 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta seirbhísí fíor-riachtanacha a bhunú (IO L, 2023/2450, 30.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2450/oj). Glacadh an gníomh tarmligthe seo de bhun Airteagal 5(1) den Treoir.

([11]) Airteagal 2(10) den Treoir.

([12]) Airteagal 1(6) agus (7) den Treoir.

30. Chun Airteagal 6(2)(b) den Treoir a chur i bhfeidhm, ba cheart a mheas go gcumhdaítear le críoch Ballstáit, faoi réir na dteorainneacha a eascraíonn as Airteagal 355 CFAE, críoch talún agus uiscebhealaí intíre an Bhallstáit sin chomh maith leis an bhfarraige theorann (agus a grinneall agus a fo-ithir) arna bunú ag an mBallstát sin i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlíthe na Farraige. Ina theannta sin cumhdaítear leis an limistéar eacnamaíoch eisiach a bhunaigh an Ballstát sin agus an scairbh ilchríochach, ach ní hamhlaidh ach a mhéid atá nasc idir an bonneagar criticiúil atá suite ina limistéar eacnamaíoch eisiach nó ar an scairbh ilchríochach agus na cearta ceannasacha nó an dlínse a fheidhmíonn Stát cósta i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlíthe na Farraige sna codanna sin den fharraige, gan cur isteach ar chearta agus saoirsí Stát eile a ráthaítear le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlíthe na Farraige. Dá bhrí sin, agus Airteagal 6(2)(b) den Treoir á chur i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, measúnú de réir an cháis a dhéanamh chun a chinneadh cá mhéad a chumhdaítear bonneagar criticiúil ina limistéar eacnamaíoch eisiach agus ar an scairbh ilchríochach.

31. Mar shampla, i gcás cáblaí nó píblínte faoin bhfarraige arna leagan ag Stáit eile, i bhfeidhmiú a gceart faoi Airteagail 58(1) agus 79(1) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlíthe na Farraige, agus a théann tríd an limistéar eacnamaíoch eisiach nó trí scairbh ilchríochach Ballstáit cósta, ní bheidh sé de cheangal ar an mBallstát sin éifeacht a thabhairt dá oibleagáidí faoin Treoir maidir leis an mbonneagar criticiúil sin, a mhéid nach dtagann sé faoina cheannasacht agus faoina dhlínse fheidhmiúil sa limistéar eacnamaíoch eisiach agus sa scairbh ilchríochach faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlíthe na Farraige. Os a choinne sin, ba cheart cáblaí nó píblínte faoin bhfarraige atá suite sa limistéar eacnamaíoch eisiach nó i scairbh ilchríochach Ballstáit cósta a chur faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos leis an Treoir sa Stát sin i gcás ina mbeidh an bonneagar criticiúil sin nasctha leis na gníomhaíochtaí lenar fheidhmigh an Stát sin a cheannasacht nó a dhlínse sa limistéar eacnamaíoch eisiach nó sa scairbh ilchríochach faoi Airteagail 56 agus 77 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlíthe na Farraige.

32. Ós rud é nach luaitear é sin in Airteagal 6(2)(b) den Treoir, níor cheart áit bhunaithe an eintitis a mheas mar chuid den chritéar sin. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas nach mbaineann an ghné sin le hábhar maidir leis an bpróiseas chun eintitis chriticiúla a shainaithint faoin Treoir.

(d) *An mbeadh éifeachtaí suaiteacha nach beag ag teagmhas maidir le soláthar ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí fíor-riachtanacha ag an eintiteas nó maidir le soláthar ag an eintiteas seirbhísí fíor-riachtanacha sna hearnálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a bhíonn ag brath air sin nó ar na seirbhísí fíor-riachtanacha sin?*

33. Déantar an tsaincheist maidir lena chinneadh cén tábhacht a bhaineann le héifeacht shuaiteach a chinneadh a mhionsaothrú a thuilleadh in Airteagal 7(1) den Treoir, ina liostaítear critéir atá le cur san áireamh chun na críche sin. Mínítear na critéir sin a thuilleadh i Roinn IV de na treoirlínte seo.

(e) *An eisiatar an t-eintiteas ó raon feidhme na Treorach?*

34. Má bhaineann eintiteas le ceann de na catagóirí eintiteas nach bhfuil feidhm ag an Treoir maidir leo mar a leagtar amach in Airteagal 1(6) den Treoir, níl aon oibleagáid ann é a shainaithint mar eintiteas criticiúil faoin Treoir.

35. D'ainneoin an cheanglais dhlíthiúil atá ar na Ballstáit na critéir dá bhforáiltear sa Treoir a chur i bhfeidhm mar a mhínítear i Roinn III.3 (A-D) de na Treoirlínte seo, féadfaidh siad freisin, faoin dlí náisiúnta agus ag gníomhú dóibh i gcomhréir le dlí an Aontais, oibleagáidí a bhaineann le heintitis chriticiúla a chur i bhfeidhm maidir le heintitis a oibríonn in earnálacha eile a mheastar a bheith criticiúil de bhun an dlí náisiúnta, nach dtagraítear dóibh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir.

36. Mar a mhínítear i bpointe 28 thuas, cé gur pointe tagartha tábhachtach é an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit seirbhísí fíor-riachtanacha eile seachas na seirbhísí sin a liostaítear sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún a chur san áireamh. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit, faoin dlí náisiúnta agus ag gníomhú dóibh i gcomhréir le dlí an Aontais, a chinneadh oibleagáidí lena bhfeabhsaítear an athléimneacht a fhorchur ar eintitis a sholáthraíonn seirbhísí eile seachas seirbhísí fíor-riachtanacha a chumhdaítear leis an Treoir.

37. Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit, faoin dlí náisiúnta agus ag gníomhú dóibh i gcomhréir le dlí an Aontais, eintitis chriticiúla eile seachas iad siúd a shainaithnítear ar bhonn na Treorach a shainaithint ([13]). Dá bhrí sin, toisc go sainaithneofaí na heintitis sin bunaithe ar an dlí náisiúnta, ní gá dóibh na critéir charnacha dá dtagraítear in Airteagal 6(2) den Treoir agus a mhínítear thuas a chomhlíonadh.

IV. TREOIRLÍNTE NEAMHCHEANGAILTEACHA CHUN CUR I BHFEIDHM NA gCRITÉAR A ÉASCÚ CHUN AN TÁBHACHT A BHAINEANN LE hÉIFEACHT SHUAITEACH A CHINNEADH

38. Fágtar le hAirteagal 7(1) den Treoir nach mór na critéir uile a chur san áireamh agus an tábhacht a bhaineann le héifeacht shuaiteach á cinneadh, féadfaidh na Ballstáit measúnú breise a dhéanamh ar ábharthacht nithiúil na gcritéar sin i bhfianaise imthosca sonracha an cháis atá idir lámha.

IV.1. **An líon úsáideoirí a bhraitheann ar an tseirbhís fhíor-riachtanach**

39. Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a chur san áireamh agus an critéar sin á chur i bhfeidhm acu:

a) daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha araon mar úsáideoirí;

b) eintitis chriticiúla eile mar úsáideoirí;

c) an líon iomlán úsáideoirí a bhraitheann go díreach ar an tseirbhís fhíor-riachtanach agus/nó, a mhéid is féidir chun meastachán a dhéanamh, ar úsáideoirí indíreacha na seirbhíse fíor-riachtanaí, i.e. daoine nach mbraitheann go díreach ar an tseirbhís ach a ndéanfadh suaitheadh na seirbhíse difear dóibh.

40. Agus tairseach á húsáid chun measúnú a dhéanamh ar an líon úsáideoirí, ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh sa tairseach a roghnófar:

a) cé acu atá nó nach bhfuil na húsáideoirí lonnaithe i limistéar ar leith nó scaipthe i réigiún;

b) cé acu is grúpaí leochaileacha iad na húsáideoirí nó nach ea, mar shampla, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas nó leanaí;

c) cé acu atá nó nach bhfuil spleáchas criticiúil ó thaobh ama de ar an tseirbhís fhíor-riachtanach féin mar shampla ag oibreoirí bonneagair spáis ar talamh;

d) níl an líon úsáideoirí don tseirbhís fhíor-riachtanach atá i gceist ard ach tá na húsáideoirí sin ag brath go mór ar an tseirbhís fhíor-riachtanach, mar shampla soláthraí cúraim sláinte.

IV.2. **A mhéid a bhraitheann earnálacha agus fo-earnálacha eile mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad ar an tseirbhís fhíor-riachtanach atá i gceist**

41. Bíonn eintitis chriticiúla an-nasctha le chéile agus spleách ar a chéile ar bhealaí casta go minic. Is iolraitheoir riosca iad spleáchais agus idirspleáchais a d'fhéadfadh an tábhacht a bhaineann le héifeacht shuaiteach a mhéadú.

42. Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a chur san áireamh agus an critéar sin á chur i bhfeidhm acu:

a) cé acu atá nó nach bhfuil dhá earnáil nó níos mó ag brath ar an tseirbhís fhíor-riachtanach atá i gceist;

b) cé acu atá nó nach bhfuil roghanna malartacha ar an tseirbhís fhíor-riachtanach sin ag na heintitis chriticiúla a oibríonn in earnálacha agus i bhfo-earnálacha seachas an ceann atá i gceist;

c) cé acu a dhéanfadh nó nach ndéanfadh an éifeacht shuaiteach teagmhais a bhaineann le soláthar na seirbhíse fíor-riachtanaí a fhorleathadh go tapa agus cé acu a bheadh nó nach mbeadh éifeachtaí cascáideacha mar thoradh uirthi in earnálacha agus fo-earnálacha eile.

([13]) Cf. Airteagal 3 den Treoir, ina léirítear nach gcuirtear cosc leis an Treoir ar na Ballstáit forálacha an dlí náisiúnta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun d'fhonn leibhéal níos airde athléimneachta eintiteas criticiúil a bhaint amach, ar choinníoll go bhfuil na forálacha sin comhsheasmhach le hoibleagáidí na mBallstát a leagtar síos i ndlí an Aontais..

43. Mínítear in aithris 18 den Treoir gur '*cheart do na Ballstáit éifeachtaí ar an slabhra soláthair a mheas, a mhéid is féidir, agus cinneadh á dhéanamh maidir lena mhéid a bhraitheann earnálacha agus fo-earnálacha eile ar an tseirbhís fhíor-riachtanach a sholáthraíonn eintiteas criticiúil.*'

44. Chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí den sórt sin ar an slabhra soláthair, moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as mapáil atá ann cheana nó mapáil a dhéanamh ar shlabhraí soláthair le haghaidh seirbhísí fíor-riachtanacha arna soláthar ag eintitis sna hearnálacha a thagann faoi raon feidhme na Treorach, amhail soláthróirí agus custaiméirí díreacha, soláthróirí agus custaiméirí indíreacha, spleáchais trasearnála agus trasteorann, lena n-áirítear iad siúd lasmuigh den Aontas.

IV.3. **An tionchar a d'fhéadfadh teagmhais a imirt, ó thaobh méide agus fad tréimhse de, ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha, ar an gcomhshaol, ar an tsábháilteacht agus ar an tslándáil phoiblí, nó ar shláinte an phobail**

45. Chun measúnú a dhéanamh ar mhéid agus ar fhad teagmhais, ba cheart gach ceann de na heilimintí a luaitear in Airteagal 7(1)(c) den Treoir a chur san áireamh ar bhealach ar leithligh. Dá fhad a mhaireann teagmhas agus dá airde a dhéine, is ea is mó ba cheart a thionchar ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha, ar an gcomhshaol, ar an tsábháilteacht agus ar an tslándáil phoiblí, nó ar shláinte an phobail a mheas.

46. Moltar do na Ballstáit na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh agus an critéar sin á chur i bhfeidhm acu.

47. A mhéid a bhaineann leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a chur san áireamh:

a) na costais dhíreacha mheasta a bhaineann leis an damáiste fisiceach a rinneadh de bharr suaitheadh, fhairsing agus fhad an bhriste gnó tar éis stop a bheith curtha le hoibríochtaí, caillteanas ioncaim, dúnadh féideartha agus costais árachais, i gcás ina mbeidh a n-éifeachtaí mór go leor chun difear a dhéanamh don mhacraigheilleagar;

b) na costais mheasta a eascraíonn as suaitheadh sa slabhra soláthair as a n-eascraíonn moilleanna agus ganntanais i soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha, laghdú ar chaiteachas ag tomhaltóirí agus cailliúint muiníne ag an bpobal;

c) na costais mheasta a eascraíonn as an tionchar ar infheistíocht, ar thrádáil agus ar fhás eacnamaíoch fadtéarmach.

48. A mhéid a bhaineann leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais ar ghníomhaíochtaí sochaíocha, moltar do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar a thábhachtaí atá suaitheadh i ngníomhaíochtaí rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil agus ar a thábhachtaí atá suaitheadh i ngníomhaíochtaí na hearnála príobháidí a chuireann bac ar an gcumas foriomlán seirbhísí fíor-riachtanacha a sholáthar, lena n-áirítear suaitheadh an tsaoil laethúil.

49. A mhéid a bhaineann leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais ar an gcomhshaol, moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a chur san áireamh:

a) an damáiste measta d'éiceachórais agus infhaighteacht seirbhísí éiceachórais mar a shainmhínítear in Airteagal 2(14) de Rialachán 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú;

b) tionchar ar cháilíocht an aeir (tiúchan truailleán aeir, innéacsanna maidir le cáilíocht an aeir, athruithe ar an éiceachóras uisciúil), cáilíocht an uisce (athruithe ar thiúchan uisce agus truailleán muirí, cáilíocht an uisce, tionchar ar shláinte an duine, dochar don bhithéagsúlacht), talamh (ithir, dífhoraoisiú, uirbiú, talmhaíocht, athruithe ar an mbithéagsúlacht);

c) tionchar ar an athrú aeráide, lena n-áirítear athruithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa;

d) géar-rioscaí aeráide nó rioscaí ainsealacha aeráide a theacht chun cinn.

([14]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

50. Ba cheart an measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais ar an gcomhshaol a bheith bunaithe ar chur chuige cuimsitheach lena gcuirtear san áireamh na tionchair dhíreacha agus indíreacha araon, chomh maith le hiarmhairtí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha. Moltar do na Ballstáit leas a bhaint as measúnuithe tionchair comhshaoil atá ann cheana nó measúnaithe den sórt sin, measúnaithe comhshaoil straitéiseacha nó measúnuithe saolré a dhéanamh.

51. A mhéid a bhaineann leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais ar an tsábháilteacht phoiblí agus ar an tslándáil phoiblí, moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a chur san áireamh:

a) na héifeachtaí a bhíonn ag cineálacha éagsúla teagmhas agus na hiarmhairtí ar sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha, ó thaobh méide agus faid de, ar infhaighteacht agus éifeachtacht seirbhísí rialtais atá tiomnaithe don tsábháilteacht phoiblí agus don tslándáil phoiblí amhail seirbhísí póilíneachta, seirbhísí cosanta dóiteáin, cúirteanna agus príosúin, an ráta coireachta, an fhéidearthacht go dtarlódh corraíl shóisialta mar gheall ar ghanntanas seirbhísí nó earraí riachtanacha, nó athruithe ar dhearcadh an phobail ar shábháilteacht agus ar shlándáil;

b) an tionchar ar infhaighteacht agus éifeachtacht chumais freagartha seirbhísí rialtais atá tiomnaithe don tsábháilteacht phoiblí agus don tslándáil phoiblí.

52. Chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais ar an tsábháilteacht phoiblí agus ar an tslándáil phoiblí, moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as torthaí measúnuithe riosca, bagartha agus leochaileachta, anailísí agus mapála coireachta, pleanáil agus cleachtaí maidir le bainistiú éigeandála, agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.

53. A mhéid a bhaineann leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais ar shláinte an phobail, moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a chur san áireamh:

a) cailliúint rochtana ar chúram sláinte mar gheall ar mhoilleanna ar chóireáil, neamhábaltacht saoráidí leighis a shroicheadh, ganntanas foirne, neamhábaltacht aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí sláinte poiblí, brú ar mhonarú nó caillteanas i leith an mhonaraithe sin maidir le táirgí bunúsacha cógaisíochta, ullmhóidí bunúsacha cógaisíochta, frithbhearta leighis agus feistí leighis a mheastar a bheith criticiúil le linn éigeandáil sláinte poiblí, ganntanais táirgí íocshláinte, iarmhairtí meabhairshláinte, méadú ar ghalracht agus ar bhásmhaireacht (ráta galair ainsealach níos airde, leathadh galar tógálach, gortuithe, básanna);

b) suaitheadh shlabhra an tsoláthair bia, suaitheadh nó éilliú soláthairtí uisce (ólacháin);

c) éifeachtaí ar shláinte grúpaí leochaileacha (daoine scothaosta, leanaí, daoine ar ioncam íseal, othair a bhfuil fadhbanna sláinte acu cheana).

54. Chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhais ar shláinte an daonra, moltar do na Ballstáit faireachas sláinte poiblí a úsáid atá dírithe ar ráigeanna galar agus athruithe ar mhortlaíocht a rianú mar aon le faireachán comhshaoil a dhéanamh; suirbhéanna agus agallaimh arb é is aidhm dóibh sonraí a bhailiú maidir le rochtain ar chúram sláinte agus an taithí a fuarthas roimh an suaitheadh agus ina dhiaidh; agus anailís gheospásúil atá dírithe ar ghrúpaí agus limistéir leochaileacha a mhapáil ina bhfuil rochtain theoranta ar chúram sláinte.

IV.4. **An sciar den mhargadh atá ag an eintiteas sa mhargadh le haghaidh na seirbhíse fíor-riachtanaí nó na seirbhísí fíor-riachtanacha lena mbaineann**

55. Léirítear leis an sciar den mhargadh suíomh coibhneasta na soláthróirí ar an margadh agus bunaítear iad go ginearálta ar dhíolacháin nó ar cheannach na dtáirgí ábhartha sa limistéar geografach ábhartha. Is gnách go soláthraítear faisnéis úsáideach le luach na ndíolachán nó na gceannachán mar aon leis an méid díolachán nó an méid ceannachán ([15]). Moltar do na Ballstáit freisin dul i gcomhairle le sonraí staidrimh earnáilsonracha nó taighde margaidh a dhéanamh chun an sciar den mhargadh atá ag eintiteas a chinneadh.

([15]) Teachtaireacht ón gCoimisiún — Fógra ón gCoimisiún maidir leis an sainiú ar an margadh ábhartha chun críocha dhlí iomaíochta an Aontais (IO C, C/2024/1645, 22.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1645/oj), míreanna 105-107.

56. Ba cheart an critéar maidir leis an sciar den mhargadh a mheas i gcónaí i gcomhar le critéir eile ós rud é go bhféadfadh leibhéal íseal spleáchais ar an tseirbhís fhíor-riachtanach nó infhaighteacht soláthraithe seirbhíse malartacha laghdú mór a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le héifeacht shuaiteach. D'fhéadfadh spleáchas a bheith ina phríomhthoisc chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar atá ag sciar den mhargadh ós rud é go bhféadfadh sé míniú a thabhairt ar an méid a bhraitheann an tsochaí, earnálacha sonracha nó eintitis eile ar sheirbhís fhíor-riachtanach ar leith. Agus measúnú á dhéanamh ar an tionchar atá ag sciar den mhargadh, tugtar leis an spleáchas léargas ar thábhacht shistéamach choibhneasta agus ar chriticiúlacht ról an eintitis laistigh den mhargadh don tseirbhís fhíor-riachtanach nó do na seirbhísí fíor-riachtanacha atá i gceist.

57. Is dócha go mbeidh riosca níos airde ag baint le suaitheadh seirbhísí fíor-riachtanacha arna soláthar ag eintiteas a bhfuil sciar ard den mhargadh aige maidir le héifeachtaí cascáideacha ar sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha eile, go háirithe má sholáthraítear an tseirbhís fhíor-riachtanach lena mbaineann in earnáil ina bhfuil mórán idirthuilleamaíochtaí le hearnálacha eile, amhail earnáil an fhuinnimh nó earnáil an iompair. D'fhéadfadh éifeachtaí suaiteacha teagmhais a dhéanann difear do sholáthar seirbhíse fíor-riachtanaí ag eintiteas ag a bhfuil sciar íseal den mhargadh a bheith tábhachtach freisin dá soláthródh sé seirbhís fhíor-riachtanach uathúil nó do-athsholáthraithe ar a mbraitheann earnáil.

58. I dtéarmaí samhlacha nó modheolaíochtaí chun measúnú a dhéanamh ar an margadh, féadfar teicnící éagsúla anailíse gnó a úsáid, amhail Cúig Fhórsa Porter ([16]), Anailís SWOT ([17]), PESTLE ([18]), straitéis deighilte margaidh ([19]), mapáil turas custaiméirí ([20]) agus an tsamhail ghnó Canvas ([21]).

IV.5. **An limistéar geografach a bhféadfadh teagmhas difear a dhéanamh dó, lena n-áirítear aon tionchar trasteorann**

59. Moltar do na Ballstáit an leochaileacht a bhaineann le méid leithlisithe cineálacha áirithe limistéar geografach a chur san áireamh, amhail réigiúin oileánacha, réigiúin iargúlta nó limistéir shléibhtiúla, i gcomhréir le hAirteagal 7(1)(e) den Treoir. Is gnách go mbíonn riachtanais shonracha ag na cineálacha sin limistéar geografach i dtéarmaí seirbhísí fíor-riachtanacha agus cumais theoranta chun dul i ngleic le suaitheadh.

60. Ina theannta sin, d'fhéadfadh gnéithe eile a bheith ábhartha chun an critéar seo a chur i bhfeidhm:

a) tionchar díreach nó indíreach an teagmhais i limistéar geografach arna shloinneadh in achar dromchla;

b) tionchar díreach nó indíreach an teagmhais ar an limistéar dá ndéantar difear, is é sin, bíodh sé áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó trasteorann;

c) saintréithe an limistéir gheografaigh, amhail talamh, aerspás, uisce, uirbeach, tuaithe nó foraoisí.

61. Chun measúnú a dhéanamh ar an limistéar geografach a bhféadfadh teagmhas difear a dhéanamh dó, moltar do na Ballstáit breathnóireachtaí allamuigh a dhéanamh, sonraí a bhailiú ó íomhánna satailíte agus aerbheirthe, sonraí daonáirimh, léarscáileanna bonneagair tarchurtha fuinnimh, léarscáileanna bonneagair iompair, líonraí faireacháin comhshaoil agus bunachair sonraí córais faisnéise geografaí a úsáid ([22]).

([16]) Cur chuige chun anailís a dhéanamh ar thírdhreach iomaíoch tionscail bunaithe ar chúig thoisc: iomaíocht, iontrálaithe nua, soláthróirí, custaiméirí agus ionadaithe.

([17]) Cur chuige chun na fórsaí inmheánacha agus seachtracha a shaintréithriú a d'fhéadfadh deiseanna nó rioscaí a chruthú d'eagraíocht. Breithnítear ann láidreachtaí agus laigí na heagraíochta, mar aon le deiseanna agus bagairtí seachtracha.

([18]) Áirítear tosca polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta, teicneolaíochta, dlíthiúla agus comhshaoil in anailís PESTLE agus déantar measúnú ar an tionchar a bhíonn ag na tosca seachtracha sin ar bhrabúsacht eagraíochta.

([19]) Teicníc chun an margadh a roinnt ina dheighleoga sonracha bunaithe ar shaintréithe agus roghanna custaiméirí.

([20]) Teicníc chun tréithe agus roghanna custaiméirí a thuiscint agus a léirshamhlú.

([21]) Teicníc chun measúnú agus léirshamhlú a dhéanamh ar ghnéithe riachtanacha éagsúla de ghnólacht.

([22]) Féadfar cumais an Chórais Faisnéise Geografaí a úsáid chun guaiseacha a shainaithint agus chun na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar theagmhas a bheith ann a léirshamhlú. Tá siad úsáideach freisin chun bearta maolaitheacha agus cumais athléimneachta a dhearadh chun déileáil leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann.

IV.6. **Tábhacht an eintitis maidir le leibhéal leordhóthanach seirbhíse fíor-riachtanaí a choinneáil ar bun, agus infhaighteacht modhanna malartacha á cur san áireamh**

62. Tá an critéar sin ábhartha, *inter alia*, maidir le seirbhísí i leith cothú beatha a sholáthar, amhail uisce óil, fuíolluisce, fuinneamh, sláinte, táirgeadh agus dáileadh bia, agus iompar, lena n-áirítear seirbhísí maidir le bainistiú tráchta, ós rud é go dteipfeadh ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí gan na seirbhísí sin. Agus measúnú á dhéanamh ar thábhacht an eintitis maidir le leibhéal leordhóthanach seirbhíse fíor-riachtanaí a choinneáil ar bun, ní mór do na Ballstáit, de bhun Airteagal 7(1)(f) den Treoir, infhaighteacht modhanna malartacha féideartha a chur san áireamh chun an tseirbhís fhíor-riachtanach sin a sholáthar. Sa chomhthéacs sin, moltar dóibh roghanna malartacha den sórt sin a mheas i dtéarmaí inrochtaineachta, a thapa agus is féidir an rogha mhalartach a úsáid, cáilíocht na seirbhíse malartaí, agus na costais bhreise a thabhaítear. Mura bhfuil aon rogha mhalartach inmharthana ag úsáideoirí ar an tseirbhís fhíor-riachtanach, bíonn tionchar níos mó ag an éifeacht shuaiteach de ghnáth gan beann ar an líon úsáideoirí a ndéanann an suaitheadh difear dóibh. Ina theannta sin, ba cheart cineál na seirbhíse atá fíor-riachtanach i dtéarmaí a criticiúlachta, a saintréithe agus a príomhchuspóir a mheas.

IARSCRÍBHINN

TEIMPLÉAD TUAIRISCITHE COITEANN DEONACH

I. BREITHNITHE GINEARÁLTA

Foráiltear le hAirteagal 5 den Treoir go ndéanfaidh na Ballstáit measúnú riosca a úsáidfidh na Ballstáit chun eintitis chriticiúla a shainaithint de bhun na Treorach.

I gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Treoir, ní mór do na Ballstáit faisnéis ábhartha a sholáthar don Choimisiún maidir leis na cineálacha rioscaí a sainaithníodh i ndiaidh don Bhallstát sin an measúnú riosca a dhéanamh agus maidir leis na torthaí air, de réir earnála agus fo-earnála a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir.

Foráiltear le hAirteagal 5(5) den Treoir go bhforbróidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, teimpléad tuairiscithe coiteann deonach chun Airteagal 5(4) den Treoir a chomhlíonadh.

Cé gur teimpléad deonach é, moltar do na Ballstáit an teimpléad tuairiscithe coiteann sin a úsáid agus faisnéis á soláthar acu i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Treoir. Tá sé i gceist an teimpléad tuairiscithe coiteann a úsáid chun tuairisciú a dhéanamh ar gach earnáil ar leithligh agus, in earnálacha ina bhfuil fo-earnálacha, ar bhonn fo-earnála freisin. Mar shampla, in earnáil an fhuinnimh ag a bhfuil cúig fho-earnáil, d'úsáidfí an teimpléad tuairiscithe cúig huaire.

Tá an teimpléad seo deartha chun forléargas a bhailiú, ar bhealach comhchuibhithe, ar fhaisnéis a mheastar a bheith ábhartha chun tuairisciú don Choimisiún, bíodh sí ina faisnéis neamh-rúnaicmithe nó rúnaicmithe. Mar sin féin, má thograíonn na Ballstáit an teimpléad sin a úsáid mar bhonn chun faisnéis níos mionsonraithe nó rúnaicmithe a chomhroinnt, ba cheart é sin a dhéanamh i gcónaí trí na bealaí cumarsáide iomchuí.

Níor cheart an teimpléad seo a mheas mar threoirdhoiciméad, ná ina ionad, do na measúnuithe riosca atá le déanamh ag na Ballstáit faoi Airteagal 5 den Treoir.

II. BREITHNITHE AGUS AN TEIMPLÉAD Á LÍONADH ISTEACH

Sa chéad roinn, ba cheart do na Ballstáit seiceáil a dhéanamh ar na cineálacha rioscaí a sainaithníodh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha don earnáil agus don fho-earnáil a bhfuil tuairisciú á dhéanamh orthu. Má shainaithnítear iad, is féidir cineálacha éagsúla rioscaí a sheiceáil. Má shainaithnítear iad, ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar thuilleadh sonraí a thabhairt ar an gcineál riosca ábhartha.

Sa dara roinn, ba cheart do na Ballstáit seiceáil a dhéanamh ar liosta na leochaileachtaí agus na dtionchar féideartha a mheastar a bheith ábhartha maidir le toradh an mheasúnaithe riosca a cháiliú. Ina dhiaidh sin, agus tuairisciú á dhéanamh ar an toradh, ba cheart do na Ballstáit measúnú foriomlán a sholáthar ar an tionchar a bheadh ag suaitheadh i soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha don earnáil agus don fho-earnáil a bhfuil tuairisciú á dhéanamh orthu. Ar deireadh, ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar thuilleadh sonraí a thabhairt ar an bhfreagra maidir le toradh an mheasúnaithe riosca le hionchur i scríbhinn.

Sa tríú roinn, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar léargais bhreise a chomhroinnt a bhaineann leis na cineálacha rioscaí a sainaithníodh tar éis dóibh na measúnuithe riosca a dhéanamh agus maidir leis na torthaí orthu, le hionchur i scríbhinn, a mhéid a bhaineann leis an gcur chuige modheolaíochta, na dea-chleachtais, nó na ceachtanna a foghlaimíodh ón bpróiseas measúnaithe riosca. Sa chomhthéacs sin, tuigtear gurb é an measúnú riosca an próiseas foriomlán chun cineál agus méid riosca a chinneadh trí bhagairtí, leochaileachtaí agus guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ábhartha a shainaithint agus a anailísiú, ar bagairtí, leochaileachtaí agus guaiseacha iad a bhféadfadh teagmhas a bheith mar thoradh orthu agus trí mheastóireacht a dhéanamh ar chaillteanas nó suaitheadh féideartha i soláthar seirbhíse fíor-riachtanaí mar thoradh ar an teagmhas sin, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) den Treoir.

Sa cheathrú roinn agus sa roinn deiridh, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le faisnéis chomhlántach atá nasctha lena n-oibleagáid tuairiscithe faoi Airteagal 5(4) den Treoir le hionchur i scríbhinn.

PARAIMÉADAIR SHAINAITHEANTAIS	
Ballstát:	
Údarás inniúil:	
Tréimhse tuairiscithe:	
Earnáil:	**Fo-earnáil:**
☐ **Fuinneamh**	☐ Leictreachas ☐ Téamh agus fuarú ceantair ☐ Ola ☐ Gás ☐ Hidrigin
☐ **Iompar**	☐ Aer ☐ Iarnróid ☐ Uisce ☐ Bóithre ☐ Iompar poiblí
☐ **Baincéireacht**	
☐ **Bonneagar margaidh airgeadais**	
☐ **Sláinte**	
☐ **Uisce óil**	
☐ **Fuíolluisce**	
☐ **Bonneagar digiteach**	
☐ **Riarachán Poiblí**	
☐ **Spás**	
☐ **Táirgeadh bia, próiseáil bia agus dáileadh bia**	
_____	_____

1. CINEÁLACHA RIOSCA A SAINAITHNÍODH	
1.1.	**Rioscaí nádúrtha** ☐ Bitheolaíocht (e.g. rioscaí a bhaineann le sláinte, eipidéimí, paindéimí, etc.) ☐ Geoifisic (e.g. creathanna talún, gníomhaíocht bholcánach, sciorrthaí talún, etc.) ☐ Hidrmheitéareolaíocht (e.g. teagmhais adhaimsire, stoirmeacha gaoithe, frasaíocht, tuilte, ganntanas uisce, triomaigh, falscaithe, tonnta teasa, tréimhsí fuara, etc.) ☐ Rioscaí eachtardhomhanda (e.g. bladhmanna gréine, etc.) ☐ Géar-rioscaí nádúrtha nó rioscaí ainsealacha nádúrtha eile a bhaineann leis an athrú aeráide nó leis an gcomhshaol nádúrtha (e.g. ardú ar leibhéal na farraige, truailliú etc. Tabhair tuilleadh sonraí): **Rioscaí de dhéantús an duine** ☐ Ceimiceach ☐ Rioscaí raideolaíocha nó núicléacha ☐ Rioscaí hibrideacha ([1]) ☐ Sabaitéireacht ☐ Rioscaí sceimhlitheoireachta (e.g. trí phléascáin a úsáid, gialla a ghabháil, etc.)

	☐ Gníomhartha coiriúla eile (e.g. coirloscadh, éilliú, briseadh agus iontráil, ionsaí, loitiméireacht, etc.) ☐ Rioscaí ón taobh istigh (e.g. rún mailíseach, earráid dhaonna, faillí, etc.) ☐ Cibear-rioscaí ☐ Rioscaí Míleata ☐ Infheistíocht dhíreach eachtrach a bhfuil tionchar diúltach aici ar an tslándáil nó ar an ord poiblí ☐ Spiaireacht mar ullmhú do rioscaí eile de dhéantús an duine (e.g. faireachas ladrann, goid sonraí, etc.) ☐ Rioscaí sochaíocha (e.g. círéib, stailc, etc.) ☐ Rioscaí eile de dhéantús an duine (tabhair tuilleadh sonraí): **Rioscaí teicniúla/teicneolaíochta** ☐ Timpistí (e.g. earráid, cliseadh, mífheidhm, imbhualadh, doirteadh ábhair ghuaisigh, radaíocht, etc.) ☐ Meath struchtúrach (i.e. meath an bhonneagair fhisicigh le himeacht ama agus de dheasca struis) ☐ Úsáid teicneolaíochtaí (digiteacha) atá ag teacht chun cinn (e.g. úsáid IS, etc.) **Rioscaí cumaisc** ☐ Rioscaí trasearnála ☐ Rioscaí trasteorann ☐ Rioscaí in-earnála ☐ Rioscaí cascáideacha eile, tar éis suaitheadh ar sheirbhís fhíor-riachtanach (e.g. NaTech [2], smionagar spáis, etc.) ☐ Rioscaí atá uathúil don earnáil agus don fho-earnáil (tabhair tuilleadh sonraí): ☐ Eile (tabhair tuilleadh sonraí): *Ionchur i scríbhinn...*

([1]) Tagraíonn an téarma 'bagairtí hibrideacha' do chásanna ina bhféachann gníomhaithe bagartha, bídís stáit nó ina ngníomhaithe neamhstáit, le teacht i dtír ar leochaileachtaí an Aontais chun a leasa féin trí úsáid a bhaint as meascán beart (i.e. bearta taidhleoireachta, míleata, eacnamaíocha, teicneolaíocha) ar bhealach comhordaithe, agus fanacht faoi bhun thairseach na cogaíochta foirmiúla ag an am céanna. Tagraíonn an chatagóir seo, de réir a nádúir féin, do níos mó ná riosca amháin de ghnáth agus ba cheart, dá bhrí sin, í a roghnú in éineacht leis na rioscaí eile, de réir mar is iomchuí.

([2]) Eifeachtaí teicneolaíochta den dara hord ar guaiseacha nádúrtha is cúis leo.

2. TORADH AN MHEASÚNAITHE RIOSCA

2.1.	**Leochaileachtaí** ☐ Spleáchais trasearnála (i gcomhréir leis na hearnálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir) (tabhair tuilleadh sonraí) ☐ Spleáchais earnála nó fho-earnálacha (i gcomhréir leis na hearnálacha agus na fo-earnálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir) (tabhair tuilleadh sonraí) ☐ Spleáchais ar chatagóirí eintiteas (i gcomhréir leis na catagóirí eintiteas a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir) (tabhair tuilleadh sonraí) ☐ Spleáchas ar eintitis i mBallstáit eile (tabhair tuilleadh sonraí) ☐ Spleáchas ar eintitis i dtríú tíortha (tabhair tuilleadh sonraí) ☐ Spleáchais slabhra soláthair ☐ Slándáil agus feasacht fostaithe ☐ Leochaileachtaí atá uathúil don earnáil agus don fho-earnáil (tabhair tuilleadh sonraí) ☐ Eile (tabhair tuilleadh sonraí): *Ionchur i scríbhinn...*
2.2.	**An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teagmhas suaiteach nach beag** ☐ Gníomhaíochtaí eacnamaíocha (e.g. damáiste/caillteanais airgeadais, dífhostaíocht, damáiste do chlú, srianta ar onnmhairiú, cor chun donais in infheistíocht choigríche, turasóireacht íslithe, etc.) ☐ Gníomhaíochtaí sochaíocha (e.g. suaitheadh rialtais, etc.) ☐ Comhshaol (e.g. damáiste d'éiceachórais, truailliú, etc.) ☐ Sábháilteacht phoiblí (e.g. tionchar ar sheirbhísí éigeandála, easáitiú, aslonnú, etc.) ☐ Slándáil (e.g. iomláine chríochach, tionchar ar sheirbhísí forfheidhmithe dlí, cosaint, etc.) ☐ Sláinte an daonra (e.g. galair, ganntanas foirne, ganntanas cógas, trealamh leighis nó frithbhearta leighis, etc.)

	☐ Caidreamh agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta nó taidhleoireachta (e.g. le tíortha nach de chuid an Aontais iad, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le trádáil, etc.) ☐ San earnáil lena mbaineann maidir le hearnálacha eile a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir ☐ Ar an bpobal (e.g. bás, gortú, etc.) ☐ Ar an margadh inmheánach ☐ Maidir le seirbhísí fíor-riachtanacha le haghaidh Bhallstát nó níos mó nó i sé Bhallstát nó níos mó ☐ Tionchar atá uathúil don earnáil agus don fho-earnáil (tabhair tuilleadh sonraí) ☐ Eile (tabhair tuilleadh sonraí):
	Ionchur i scríbhinn...
2.3.	**Déine tionchair teagmhais shuaiteach** ☐ Cuibheasach beag ☐ Beag ☐ Nach beag ☐ Mór ☐ An-mhór
	Ionchur i scríbhinn...

3.	LÉARGAIS BHREISE A BHAINEANN LEIS NA CINEÁLACHA RIOSCAÍ A SAINAITHNÍODH AGUS TORTHAÍ AN MHEASÚNAITHE RIOSCA
3.1.	**Cur chuige modheolaíochta**
	Ionchur i scríbhinn...
3.2.	**Dea-chleachtais**
	Ionchur i scríbhinn...
3.3.	**Ceachtanna a foghlaimíodh**
	Ionchur i scríbhinn...

4.	FAISNÉIS CHOMHLÍONTACH
4.1.	*Ionchur i scríbhinn...*